



PRIDE of PLACE

COIMRE PHOLASAÍ

**MÓRTAS ÁITE:  
CURACLAM CHUN MÓRTAS  
GNÍOMHACH A CHOThÚ  
AGUS AN ÓIGE A SPREAGADH CHUN  
(ATH)NASCADH LENA GCEANTAR  
DÚCHAIS TUAITHE**

Marino Bonaiuto, Silvia Ariccio, Thomas Albers,  
Ramazan Eren & Silvia Cataldi

**Iúil 2020**





Tuairiscíonn an choimre chleachtais seo ar an múnla atá forbartha mar chuid de Erasmus+ Strategic Partnership “Pride of Place”, atá maoinithe ag Erasmus+ Programme, uimhir thionscnaimh 2018-1-NL01-KA201-039020.

Tá an tuairisc iomlán, maraon le curaclam na scoile agus eolas eile, ar fáil ar shuíomh an tionscnaimh: [www.prideofplace.eu](http://www.prideofplace.eu)

Páirtithe:

**Ollscoil Sapienza na Róimhe, An Iodáil:** Marino Bonaiuto, Silvia Ariccio, Silvia Cataldi agus Thomas Albers

**Ollscoil Akdeniz, An Tuirc:** Ramazan Eren

**Fondúireacht Anatta, An Ísiltír:** Thomas Albers

**Comhordú tionscnaimh:** Thomas Albers, Fondúireacht Anatta, An Ísiltír.

**Tagairtí don Choimre Pholasaí:** Bonaiuto, M., Ariccio, S., Albers, T., Eren, R. agus Cataldi, S. (2020). Pride of Place: a curriculum to (re)connect and encourage young people to be engaged with their rural areas. Solathraíodh an Coimre Pholasaí mar chuid de Erasmus+ Project: Pride of Place.

**Tagairtí don Tuairisc Iomlán:** Bonaiuto, M., Ariccio, S., Albers, T., Eren, R. agus Cataldi, S. (2020). Pride of Place: definitions, causes, effects, and relevance for the rural context. Creat cruthaithe mar chuid de Erasmus+ Project: Pride of Place.

Cóipcheart © 2020 ag na húdair. Is féidir a bhfuil ann, nó aon chuid de, a úsáid gan costas ach gan aidhm thráchtála leis agus aitheantas cuí a thabhairt do na húdair.

Cover image: Freepik.com



*The European Commission's support for the production of this publication does not constitute an endorsement of the contents, which reflect the views only of the authors, and the Commission cannot be held responsible for any use which may be made of the information contained therein.*

Co-funded by the  
Erasmus+ Programme  
of the European Union



DIPARTIMENTO DI PSICOLOGIA  
DEI PROCESSI DI SVILUPPO  
E SOCIALIZZAZIONE

SAPIENZA  
UNIVERSITÀ DI ROMA



Anatta  
FOUNDATION



## Cad is Mórtas Áite?

Aithnítear sa tsiceolaíocht gur mothú dearfa é mórtas, mothú a chuireann le meas ar dhúchas agus le féinmheas. Baineann mórtas le héachtaí pearsanta (“féinmhórtas”). Ach is féidir a bheith mórtasach as dúchas pearsanta nó as éachtaí bainte amach ag eilimintí den dúchas lena mothaítear ceangal, msh. grúpaí nó foirne (mórtas “húbrasach”). Go ginearálta is mothú dearfa mórtas áite (MÁ), go cognaíoch (is cuid díom an áit seo) agus go mothúchánach (msh. tá mo chroí san áit). Cé gur beag taighde déanta ar seo is dócha go bhfuil féinmhórtas agus húbaras le haithint i MÁ.

## Cad iad torthaí MÁ?

Cuireann mórtas go láidir le féinmheas an duine aonair agus le folláine phearsanta. Bíonn breis féinmhuiníne agus folláine acu siúd a bhraitheann mórtasach as a ndúiche.

Bíonn tionchar dearfa ag MÁ ar an bpobal phobal mar spreagann mórtas rannpháirtíocht i gcosaint agus i bhfeabhsú sa dúiche máguaird. Mar shampla, beidh áitreabhaigh le MÁ lántoilteanach cabhrú go deonach go háitiúil nó gníomhú i gcoinne bagairtí (msh. forbairt gan dealramh). Spreagann mórtas dea-chleachtas ar son na timpeallachta, go háirithe agus na feabhsaithe le brath sa dúiche mháguaird.

Cuimhnigh, áfach, le béim láidir MÁ ar fhéinmheas an duine aonair, go bhfuil caitheamh anuas ar dhúichí eile agus drochmheas ar a muintir le seachaint i meon agus i ngníomh. Tá MÁ le spreagadh, bunaithe ar shuáilcí agus uathúlacht ar leith na dúiche, ach gan a bheith dall ar shuáilcí agus uathúlacht ar leith i ndúichí eile, agus go saibhríonn éagsúlacht an saol.

## Cathain a fhásann MÁ?

De réir Ryan agus Deci<sup>1</sup> tá síorghá le trí riachtanas chun folláine shíceolaíoch an duine a chinntiú: neamhspleáchas, ceangal/baint, agus inniúlacht. Bhí seo amhlaidh don duine daonna ó thus ama. Braitheann daoine go maith i gcomhlúadar, i láthair oibre, agus in áiteanna a thugann deis na riachtanaisí seo a shásamh.

Le neamhspleáchas tuigtear cumas an duine aonair dul i bhfeidhm ar an dúiche, pé acu caomhnú, forbairt, nó eile. Le bainteachas tuigtear ceangal sláintiúil le baill sa phobal agus/nó leis an dúiche. Baineann inniúlacht le cumas scileanna a fhoghlaim go bhfuil meas agus éileamh orthu sa dúiche. Má mhúnlaítear suíomh a shásaíonn na trí riachtanas seo spreagfar MÁ sa dúiche agus méadófar fonn daoine lonnú go dea-ghníomhach ann. Mar sin, maidir le duine agus dúiche, má shásaítear na trí riachtanas síceolaíocha méadaítear an deis MÁ a chruthú agus a chothú.

## Conas is féidir MÁ a chruthú?

Go bunúsach léiríonn taighde gur féidir MÁ a chruthú nuair is féidir le háitreabhaigh a gcuid féin a dhéanamh den dúiche. Caithfidh deis a bheith ann trí shlite éagsúla cur leis an áit, í a chur in oiriúint, nó mionathruithe a dhéanamh chun ceangal a chruthú le dúiche. Braitear MÁ go minic sa cheangal idir áit agus gníomhaíochtaí ar leith, mar shampla caidreamh le gaolta a chothaíonn féiniúlacht, féinmheas, agus méadú dearfa ar mhórtas.

Is túisce a bhraitear MÁ i ndúiche le tábhacht chultúrtha agus shóisialta ar leith. Sa chiall seo is gnách go bhfaightear síol MÁ i ngnéithe éagsúla den

<sup>1</sup> Ryan, R. M., & Deci, E. L. (2000). Self-Determination Theory and the Facilitation of Intrinsic Motivation, Social Development, and Well-Being. *American Psychologist*, 11.

oidhreacht chultúrtha. San oidhreacht chultúrtha áirítear traidisiúin, ó bhéal agus i ngníomh, cruthaithe ag áitreabhaigh mar bhonn le cleachtas oibre, saol sóisialta, teanga agus caint, nósanna, féilte, agus mar a sheoltar taithí áirithe ó ghlúin go glúin.

De réir rangú UNESCO<sup>2</sup> tá dhá ghné san oidhreacht chultúrtha - inbhraite agus dobhraite. Tugtar inbhraite ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le suíomhanna agus foirgnimh stairiúla, séadchomharthaí, agus iarsmaí a léiríonn suntasacht an chultúir. Tugtar dobhraite ar chultúr maireachtála a sheoltar ó ghlúin go glúin, mar shampla traidisiúin bhéil, nósanna, féiltí, ceardaíocht, agus saíocht. De réir UNESCO, is cuid den oidhreacht dobhraite é an cultúr beo, chomh maith leis an sean-chultúr, agus cleachtais chomhaimsire éagsúlacht ghrúpaí san áireamh, cuma uirbeach nó faoin tuath.

Is foinse chuí í an oidhreacht chultúrtha do mhórtas húbrasach ach méadaítear féinmhórtas trí rannpháirtíocht i múnlu dúiche. Mar shampla, eachtra stairiúil sa dúiche is cúis le mórtas húbrasach, ach is rannpháirtíocht an óige, i nguth agus i ngníomh, ar mhaithe leis an dúiche a chothaíonn féinmhórtas.

Cuireann dea-cháil dúiche le MÁ chomh maith mar go spreagann sé meas agus cion a nascann duine le dúiche. Smaoinigh mar shampla ar an gcáil, agus an maoiniú, a leanann roghnú Phríomhchathair Chultúir na hEorpa. Faoi scáth an chultúir spreagtar rannpháirtíocht aicmí éagsúla sóisialta i dtionscnaimh áitiúla sa chathair, rud a mhéadaíonn

2 UNESCO. *What is meant by “cultural heritage”?*, viewed on 5 July 2020. <http://www.unesco.org/new/en/culture/themes/illicit-trafficking-of-cultural-property/unesco-database-of-national-cultural-heritage-laws/frequently-asked-questions/definition-of-the-cultural-heritage/>





## Cén bhaint atá ag MÁ le ceantar tuaithe?

nasc le háit agus le háitreabhaigh. Anuas air sin cabhraíonn an rannpháirtíocht le mianta siceolaíochta a shásamh maidir le neamhspleáchas, ceangal, agus inniúlacht, agus bíonn méadú ar MÁ dá réir.

Is gnách gur áiteanna ar leith iad dúichí tuaithe: is minic iad lán d'oidhreacht sa tírdhreach agus i líonmhaire na dtraidisiún áitiúla, mar shampla bia agus deoch, teanga, ceol agus rince, agus ceardaíocht bunaithe ar acmhainní áitiúla. Samhlaítear pobal dlúth agus nascanna láidre sóisialta le tuath. Thabharfadh sé seo le fios go mbeadh MÁ láidir faoin tuath agus an pobal gníomhach rannpháirteach sásta ann.

Ach ní mar sin atá ar fud an domhain, go háirithe san Eoraip, le bánú na tuaithe agus an óige go háirithe ag bogadh go baile agus cathair.

**Sí aidhm an tionscnaimh seo ná stop a chur le bánú na tuaithe trí MÁ a mhéadú san óige le súil go spreagfar iad chun fanacht faoin tuath nó iad a mhealladh chun filleadh tar éis freastal ar chúrsaí oiliúna agus oideachais i mbaile nó cathair.**

## Cad faoi MÁ agus cláracha polaitiúla?

Bainfidh spreagadh MÁ san óige go mór le ceantair thuaithe sna blianta romhainn. Faoi láthair is mó clár polaitiúil náisiúnta, Eorpach, agus domhanda, atá tacú tacaíocht le pobal tuaithe bríomhar inbhuanaithe a chur chun cinn. Is féidir le MÁ agus an Erasmus+ project cur go mór le trí chreat polasaí ar a laghad.

- Tá 17 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe leagtha amach ag na Náisiúin Aontaithe chun dul i ngleic le bochtanas, cosaint na cruinne, agus rath agus sláinte a chinntiú do chách. Tá ról lárnach ag ceantair thuaithe sa chúram mar clúdaíonn siad formhór de dhromchla na cruinne. Le nasc láidir idir dúiche agus daoine beidh fonn ar phobal an t-éiceachóras agus an bithéagsúlacht a chosaint. Cuireann MÁ leis seo.
- Tá sé mar aidhm ag Comhbheartas Talmhaíochta an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2027 forbairt agus cosaint a dhéanamh ar cheantair thuaithe agus ar fud an Aontais. Tá an comhbheartas bunaithe ar naoi sprioc a chinnteoidh talmhaíocht d'ardchaighdeán agus pobail thuaithe mar is dual d'fheirmeoirí rathúla. Molann dhá sprioc acu pobal tuaithe beo fuinniúil agus caomhnú taobh tíre agus bithéagsúlacht. Mar a léiríonn an tuairisc seo tá gá le ceangal siceolaíochta láidir le ceantair thuaithe chun na spriocanna thuas a bhaint amach.
- Ag éirí as an Idirphlé Struchtúrtha leis an Óige 2017-2018 cuireadh le chéile an Straitéis d'Óige na hEorpa (2021-2027) bunaithe ar 11 Sprioc don Óige. Díróinn an straitéis ar thrí choincheap: rannpháirtíocht, ceangal, agus cumasú na hóige chun a bhfís féin don todhchaí a chur i gcrích. Baineann MÁ go mór le Sprioc 6 don Óige 'Ar aghaidh le hÓige na Tuaithe', a bhfuil d'aidhm aige ceantar thuaithe mealltach le lonnú ann a chruthú, le híomhá dearfach d'áitreabhaigh, do thurasóirí, agus d'infheistiú. Moladh amháin a tháinig ón óige ná sean-thraidisiúin agus seanoidhreacht na tuaithe a chur in oiriúint don óige. Sin í aidhm an

3 <https://sustainabledevelopment.un.org>

4 [https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/cap-glance\\_en](https://ec.europa.eu/info/food-farming-fisheries/key-policies/common-agricultural-policy/cap-glance_en)

5 [https://ec.europa.eu/youth/policy/youth-strategy\\_en](https://ec.europa.eu/youth/policy/youth-strategy_en)

**Conas méadú  
ar MÁ óige  
na tuaithe.  
Curaclam ar  
oidhreacht  
áitiúil,  
uathúlacht,  
agus MÁ.**

tionscnaimh MÁ: ionchur óige na tuaithe maidir le rannpháirtíocht agus ceangal, agus iad a chumasú chun cur le slite beatha, íomhá, agus deiseanna na tuaithe.

Chun dul i ngleic le bánú na tuaithe is í aidhm an tionscnaimh taighde seo méadú ar MÁ óige na tuaithe chun iad a spreagadh le fanacht ina gceantar tuaithe nó filleadh ann mar aosaigh. Chuige seo molann an tionscnamh seo curaclam do scoileanna tuaithe.

Ag brath ar shaintréithe áitiúla is féidir gníomhachtaí agus abháir éagsúla a réachtáil ach iad a chur in oiriúint d’aosghrúpa, d’áiseanna agus bunábhar ar fáil, don oidhreacht áitiúil, srl. Tá sraith modúl sa tionscnamh mar chabhair do mhúinteoirí ag ullmhú ceachtanna. Tá na modúil bunaithe ar “oideachas ar bhonn fiosraithe” chun rannpháirtíocht sna gníomhachtaí foghlama a mhealladh agus an cur chuige praiticiúil neamhfhoirmiúil a chur chun cinn.

Tá an curaclam nuálach le béim ar “oideachas ar bhonn fiosraithe”. Le hoideachas sóisialta den saghas seo cuireann na daltaí féin fiosrú ar bun maidir le huathúlacht na háite. Leis an modh seo is féidir MÁ na ndaltaí a mhéadú, chomh maith le scileanna don 21ú aois a fheabhsú (msh. cruthaitheacht, anailís chriticiúil, foghlaim fhéintionscanta, cumarsáid). Ní mar a chéile an modh seo, atá tástáilte go heolaíoch, agus an modh traidisiúnta agus tuigtear go bhfuil gá le hinniúlachtaí eile sa mhúinteoireacht. Mar sin cuirfear oiliúint ar fáil do mhúinteoirí mar thacaíocht agus cumasú sa chur chuige nua.

[www.prideofplace.eu](http://www.prideofplace.eu)

---

Co-funded by the  
Erasmus+ Programme  
of the European Union

